


Siomptóim de COVID-19 do bhaill foirne i suíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile



Coróinvíreas
COVID-19
Comhairle
Sláinte Poiblí

Leis an méadú reatha i gcásanna de COVID-19 chomh maith le hionfhabhtuithe eile mar RSV agus an fliú, ba cheart go mbeadh baill foirne na hearnála aireach go háirithe faoi na siomptóim COVID-19 agus tinnis riospráide eile. Má thagann aon cheann de na siomptóim thíos ort, níor cheart duit freastal ar an suíomh, beag beann ar thástáil dhiúltach COVID-19 go dtí go mbeidh tú saor ó ghéarshiomptóim ar feadh 48 uair an chloig fiú má tá na siomptóim éadrom.

Is measc na siomptóim is coitianta a bhaineann le COVID-19, tá:

- fiabhras (teocht ard 38 céim Celsius nó os a chionn)
- casacht thirim
- traochadh (tuirse)

Is measc na siomptóim nach bhfuil chomh coitianta sin, tá:

- caillteanas nó athrú bolaidh nó blaiste – d'fhéadfadh go gciallódh sé seo go bhfuil siad imithe go hiomlán nó díreach difriúil ó mar a bhíonn siad de ghnáth
- plúchadh sróine (srón ag sileadh nó srón phlúchta)
- toinníteas
- scornach thinn
- tinneas cinn
- pian sna matáin nó sna hailt (tinnis agus pianta)
- cineálacha éagsúla grís craicinn
- samhnas nó urlacan
- buinneach
- crithfhuacht nó meadhrán

B'fhéidir nach mbeadh na siomptóim go léir seo ort, agus d'fhéadfadh go n-athródh siomptóim le cineálacha éagsúla de COVID-19, d'fhéadfadh go dtógfadh sé suas le 14 lá sula bhfeictear siomptóim freisin.

Is féidir le siomptóim COVID-19 a bheith cosúil le siomptóim shlaghdáin, fliú nó fiabhras léana. Má tá amhras ort faoi aon siomptóim, cuir glao ar do dhochtúir ginearálta.

Víreas Sincítiach Riospráide (RSV)

Is víreas riospráide séasúrach é RSV a mbíonn siomptóim beagnach comhionann le COVID-19 mar thoradh air. Tá leanaí óga san ospidéal faoi láthair de dheasca RSV. Níor cheart do bhaill foirne Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige a bhfuil siomptóim orthu atá mar an gcéanna le siomptóim RSV freastal ar a suíomhanna, beag beann ar thástáil dhiúltach COVID-19, go dtí go mbeidh na siomptóim imithe tar éis 48 uair an chloig, ar mhaithe le folláine na leanaí óga atá faoina gcúram.

Is measc na siomptóim is coitianta a bhaineann le RSV, tá; srón ag sileadh, casacht, sraothartach, fiabhras agus cársánach



An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth